## PREASEISIÚINT Uimh. 178/22

**Lucsamburg, an 8 Samhain 2022**

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCásanna uamtha C-885/19 P | *Fiat Chrysler Finance Europe* v *an Coimisiún* agus C-898/19 P | *Éire* v *an Coimisiún*

# Rialuithe Cánach: Cinneann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid agus í ag deimhniú an chreata tagartha arna úsáid ag an gCoimisiún le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a chur i bhfeidhm ar chuideachtaí comhtháite in Lucsamburg, trí mhainneachtain na rialacha sainiúla lena gcuirtear an prionsabal sin chun feidhme sa Bhallstát sin a chur san áireamh

*Dá réir sin, cuireann an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh an Choimisiúin ar neamhní, agus é á chinneadh aici go bhfuil a anailís ar an gcóras tagartha, agus uaidh sin, ar bhuntáiste roghnaitheach arna deonú ar FFT earráideach*

An 3 Meán Fómhair 2012, d'eisigh údaráis chánach Lucsamburg rialú cánach i bhfabhar Fiat Chrysler Finance Europe ("FFT"), gnóthas de chuid an ghrúpa Fiat a sholáthar seirbhísí cisteoireachta agus airgeadais do chuideachtaí eile an ghrúpa atá bunaithe san Eoraip. D'fhaobh an cinneadh atá faoi chaibidil modheolaíocht lena ndearbhófaí íocaíocht FFT as na seirbhísí úd, lenar cuireadh ar chumas don chuideachta sin a dliteanas cánach ioncaim le hArd-Diúcacht Lucsamburg a chinneadh ar bhonn bliantúil.

Lena chinneadh an 21 Deireadh Fómhair 2015, dhearbhaigh an Coimisiún gur státchabhair a bhí sa rialú cánach a bhí ar neamhréir leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107 CFAE. Chinn sé chomh maith nach raibh Ard-Diúcacht Lucsamburg tar éis an rialú cánach atá faoi chaibidil a chur in iúl dó ná nach raibh sé tar éis urraim a léiriú don oibleagáid é a chur ar fionraí, de shárú ar fhorálacha Airteagal 108(3) CFAE. D'ordaigh an Coimisiún d'Ard-Diúcacht Lucsamburg an chabhair neamhdhleathach agus atá ar neamhréir leis an margadh a aisghabháil ó FFT.

Thaisc Ard-Diúcacht Lucsamburg agus FFT araon imeachtaí os comhair Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh lenar iarr siad go gcuirfí cinneadh an Choimisiúin ar neamhní. Lena breithiúnas an 24 Meán Fómhair 2019, dhíbh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh na caingne arna dtabhairt ag Ard-Diúcacht Lucsamburg agus FFT lenar iarradh go gcuirfí cinneadh an Choimisiúin ar neamhní, agus dheimhnigh sí bailíocht an chinnidh sin. [1] Lena n-achomhairc faoi seach, tá iarrtha ag FFT (C-885/19 P) agus ag Éirinn (C-898/19 P) an breithiúnas sin a chur ar neamhní.

**Le breithiúnas an lae inniu, cuireann an Chúirt Bhreithiúnais an breithiúnas arna thabhairt ag Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 24 Meán Fómhair 2019 sa chás *Lucsamburg agus Fiat Chrysler Finance Europe* v *an Coimisiún* (Cásanna uamtha T-755/15 agus T-759/15) agus Cinneadh an Choimisiúin an 21 Deireadh Fómhair 2015 maidir leis an státchabhair arna deonú ag Lucsamburg do FFT ar ceal.**

[1] Féach Preaseisiúint 118/19.

Tugann an Chúirt chun dá haird, mar phointe tosaigh, nach bhfuil idirghabháil na mBallstát i réimsí nach bhfuil faoi réir comhchuibhiú i ndlí an Aontais eisiata ó raon feidhme fhorálacha Chonradh FAE maidir le státchabhair a rialú. Tugann sí chun aird ina dhiaidh sin go bhfuil **ceithre choinníoll** ann a chaitear a shásamh chun go n-aicmeofaí beart náisiúnta faoi "státchabhair". Ar an gcéad dul síos, ní mór don chabhair a bheith ina hidirghabháil ag Stát nó trí acmhainní Stáit. Ar an dara dul síos, ní mór gur dóigh don idirghabháil sin dul i gcion ar thrádáil idir na Ballstáit. Ar an tríú dul síos, ní mór di buntáiste roghnaitheach a thabhairt don tairbhí. Ar an gceathrú dul síos, ní mór di an iomaíocht a shaobhadh, nó ní mór di an iomaíocht a shaobhadh nó gur baolach di í a shaobhadh.

Mar chuid den anailís ar bhearta cánach, ó thaobh dhlí an Aontais maidir le státchabhair de, is é a bhaineann leis an scrúdú ar choinníoll na **buntáiste roghnaithí**, mar chéim tosaigh, an córas tagartha a shainaithint - is é sin an "gnáthchóras" cánach is infheidhme sa Bhallstát lena mbaineann, ansin a léiriú, mar dhara céim, gur maolú ar an gcóras tagartha sin atá sa bheart cánach, a mhéid a ndéanann sé idirdhealú idir oibreoirí, atá i staid inchomparáide fhíorasach agus dhlíthiúil, gan aon údar a bheith ann maidir leis an gcineál nó struchtúr an chórais a bheadh faoi chaibidil. Chun críocha measúnú a dhéanamh ar roghnaitheacht an bhirt cánach, ní mór, dá réir sin, **an réim coiteann cánach nó an córas tagartha is infheidhme** sa Bhallstát lena mbaineann **a shainaithint i gceart i gcinneadh an Choimisiúin** agus ní mór don chúirt a éistfidh agóid maidir leis an sainaithint sin é a scrúdú.

Sa mhéid sin, cinneann an Chúirt, a mhéid a bhaineann sé leis na réimsí a bhfuil dlí cánach an Aontais faoi chomhchuibhiú, is é an Ballstát lena mbaineann a chinneann, trí fheidhmiú a chumhachtaí féin i réimse an chánachais dhírigh agus i gcomhréir lena neamhspleáchas fioscach, saintréithe comhpháirteacha na cánach, **nach féidir ach an dlí náisiúnta ábhártha sa Bhallstát lena mbaineann** a chur san áireamh ionas go sainaithneofaí an córas tagartha don chánachas díreach, agus an sainaithint úd ina réamhriachtanas éigeantach ann féin ní díreach chun a mheas arb ann do bhuntáiste, ach chun a mheas an bhfuil sí roghnaitheach chomh maith.

Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, rinne an Chúirt Ghinearálta **earráid dlí** agus Airteagal 107(1) CFAE á chur i bhfeidhm, trí mhainneachtain an riachtanas a eascraíonn ón gcásdlí a chur san áireamh, ar dá réir, d'fhonn a chinneadh ar thug beart cánach buntáiste roghnaitheach do ghnóthas, ní mór don Choimisiún comparáid a dhéanamh leis an gcóras cánach is infheidhme de ghnáth sa Bhallstát lena mbaineann, tar éis scrúdú oibiachtúil a dhéanamh ar ábhar, ar idirghníomhú agus ar éifeachtaí nithiúla na rialacha is infheidhme faoi dhlí náisiúnta an Stáit sin. Bhí dul amú ar an gCúirt Ghinearálta an cur chuige lenar cuireadh prionsabal an fheidhmithe neamhspleách amháin a bhí difriúil ón bprionsabal céanna sin faoi dhlí Lucsamburg i bhfeidhm, agus srian á cur uirthi féin gan ach léiriú teibí an phrionsabail sin a aithint sa chuspóir a shaothraítear le cáin ioncaim corporáide ghinearálta in Lucsamburg agus an rialú cánach faoi chaibidil a scrúdú gan an chaoi inar cuireadh an prionsabal úd i bhfeidhm i ndáiríre a chur san áireamh maidir le cuideachtaí comhtháite go háirithe.

Anuas ar sin, trí ghlacadh leis go bhféadfadh an Coimisiún brath ar rialacha **nach raibh mar chuid de dhlí Lucsamburg**, cé gur tugadh chun aird, nach raibh sé d'inniúlacht ag an institiúid sin, ag an gcéim seo d'fhorbairt dhlí an Aontais, "gnáthchánachas" cuideachta comhtháite a shainiú go neamhspleách agus neamhaird á tabhairt ar rialacha náisiúnta cánach, **sháraigh** an Chúirt Ghinearálta **forálacha Chonradh FAE maidir le bearta a bheith á nglacadh ag an Aontas Eorpach chun dlíthe na mBallstát a bhaineann le cánachas díreach a chomhfhogasú**.

Cinneann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil earráid dlí i bhforais an bhreithiúnais atá faoi achomharc a bhaineann leis an scrúdú ar phríomhlíne réasúnaíochta an Choimisiúin, ar dá réir a mhaolaigh an rialú cánach atá faoi chaibidil ó chóras ginearálta cánach ioncaim corparáide Lucsamburg**, a mhéid a d'fhormhuinigh an Chúirt Ghinearálta cur chuige an Choimisiúin**. Go sainiúil, is é a bhí san earráid sin i ndáiríre ná gan prionsabal an fheidhmithe neamhspleách dá bhforáiltear in Airteagal 164(3) den Chód Cánach agus a leagtar amach i gCiorclán Uimh. 164/2 a bhaineann leis a chur san áireamh, agus an córas tagartha á shainiú i gcomhthéacs an scrúdaithe a rinneadh faoi Airteagal 107(1) CFAE, chun a chinneadh an dtugann an rialú cánach atá faoi chaibidil buntáiste roghnaitheach don tairbhí.

Ag féachaint don mhéid sin roimhe seo, cuireann an Chúirt an breithiúnas atá faoi achomharc ar ceal, agus í den tuairim go gceadaíonn staid na n-imeachtaí é sin agus, trí bhreithiúnas críochnaitheach a thabhairt san ábhar, an cinneadh atá i gceist a neamhniú a ndéanann earráid a rinne an Coimisiún i gcinneadh na rialacha is infheidhme iarbhír faoin dlí náisiúnta ábhartha agus, dá bhrí sin, agus an "gnáthchánachas" mar a thugtar air á shainaithint, a raibh measúnú le déanamh ar an rialú cánach atá faoi chaibidil ina fhianaise sin, an réasúnaíocht iomlán a bhaineann le buntáiste roghnaitheach a bheith ann a chur ó bhail. Ní féidir neamhniú an chinnidh atá i gceist a sheachaint toisc gur chuir an Coimisiún líne réasúnaíochta san áireamh freisin sa chinneadh sin, mar fhophointe, bunaithe ar Airteagal 164(3) de Chód Cánach Lucsamburg agus ar Chiorclán gaolmhar Uimh. 164/2. Is é tuairim na Cúirte nach dtagraíonn an líne réasúnaíochta sin ach do phríomhanailís an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm an chórais tagartha is ceart, ionas nach n-athraíonn sí ach ar bhealach soiléir earráid an Choimisiúin maidir le sainaithint an chórais tagartha ba cheart a bheith mar bhonn lena anailís i ndáil le buntáiste roghnaitheach a bheith ann.

**NÓTA:** Féadfar achomharc, ar phointí dlí amháin, a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne breithiúnais nó ordú ón gCúirt Ghinearálta. I bprionsabal, níl éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá an t-achomharc inghlactha agus bunús maith leis, cuireann an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas na Cúirte Ginearálta ar ceal. Má cheadaíonn staid na n-imeachtaí é, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais féin breithiúnas críochnaitheach a thabhairt sa chás. Seachas sin, déantar an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, atá faoi cheangal ag an gcinneadh a thugann an Chúirt Bhreithiúnais ar an achomharc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA lá an fhógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3555

Tá íomhánna d'fhógairt an bhreithiúnais ar fáil ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106

**Bígí nasctha!**